Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 25 Eanáir 2021
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2017/0237(COD)**

**12262/1/20**
**REV 1 ADD 1**

**TRANS 486**
**CONSOM 179**
**CODEC 1056**
**PARLNAT 145**

**RÁITEAS AR CHÚISEANNA NA COMHAIRLE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh d'fhonn RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid (athmhúnlú) a ghlacadh<br>- Dréacht-Ráiteas ar chúiseanna na Comhairle<br>– A ghlac an Chomhairle an 25 Eanáir 2021 |

# I. RÉAMHRÁ

1. An 27 Meán Fómhair 2017, ghlac an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh athmhúnlú ar an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid.

2. Ar na príomhchúiseanna a bhí ag an gCoimisiún leis an athmhúnlú a chur i láthair, bhí go rabhthas ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a ceapadh a bheith ann i ndáil le cásanna *force majeure*, úsáid na ndíolúintí, cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, agus infhaighteacht tréthicéad, mar a thugtar orthu, mar aon le faisnéis fúthu.

3. Tháinig an Chomhairle (Iompar, Teileachumarsáid agus Fuinneamh) ar chur chuige ginearálta an 2 Nollaig 2019.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh an 15 Samhain 2018.

5. Idir mí Eanáir agus mí Dheireadh Fómhair 2020, rinneadh caibidlíocht idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis an togra. Thángthas ar chomhaontú sealadach ag an gceathrú cruinniú tríthaobhach a bhí ar siúl an 1 Deireadh Fómhair agus d'fhormhuinigh Coiste na mBuanionadaithe é an 21 Deireadh Fómhair 2020.

6. Dhaingnigh an Coiste um Iompar agus um Thurasóireacht (TRAN) de chuid Pharlaimint na hEorpa an comhaontú polaitiúil an 29 Deireadh Fómhair 2020.

7. Agus a cuid oibre á cur i gcrích aici, chuir an Chomhairle tuairim an Choiste Eacnamaíochta agus Sóisialta san áireamh an 18 Eanáir 2018. Chinn Coiste Eorpach na Réigiún gan tuairim a thabhairt uaidh.

8. Agus an comhaontú sin á chur san áireamh agus tar éis athbhreithniú dlí agus teanga a dhéanamh, iarrtar ar Chomhairle Gnóthaí Eachtracha an 25 Eanáir 2021 an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh a ghlacadh, i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach a leagtar síos in Airteagal 294 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

## II. CUSPÓIR

9. Is é cuspóir ginearálta an togra cearta paisinéirí iarnróid a neartú trí chosaint níos fearr a thabhairt do thaistealaithe traenach i gcás moilleanna, cealuithe nó idirdhealaithe agus an t-ualach ar ghnóthais iarnróid a laghdú i gcásanna sonracha, go háirithe i dtaca le moilleanna de bharr cúiseanna seachtracha agus cúiseanna nach bhfuil smacht ag an ngnóthas iarnróid orthu (*force majeure*).

10. Ba cheart paisinéirí iarnróid a chosaint go hiomlán beag beann ar an áit a bhfuil siad ag taisteal san Aontas. Leagann an rialachán amach ráthaíochtaí maidir le faisnéis leordhóthanach do phaisinéirí agus cuireann sé feabhas suntasach ar chearta paisinéirí faoi mhíchumas nó paisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe (PRManna).

11. Bunaithe ar an togra ón gCoimisiún, comhaontaíonn an Chomhairle forálacha nua a chur isteach chun forbairtí nua a chur san áireamh. Chuaigh an Chomhairle níos faide ná an togra ón gCoimisiún trína chomhaontú freisin forálacha a bhaineann leis an méid a leanas a athbhreithniú nó a chur isteach: trealamh rothstoic le spásanna rothair, athródú, oibleagáid a bhaineann le tréthicéid a thabhairt isteach, laghdú ar amanna réamhfhógra do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus an sásra láimhseála gearán a shoiléiriú a thuilleadh.

## III. ANAILÍS AR AN SEASAMH ÓN gCOMHAIRLE AR AN gCÉAD LÉAMH

12. Tá na príomhghnéithe a leanas sa chomhréiteach a léirítear sa seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh.

### *Force majeure*

13. Leis an seasamh ón gComhairle, coigeartaítear an clásal *force majeure* d'fhonn cothrom na Féinne agus comhsheasmhacht a áirithiú i gcomparáid le clásail chomhchosúla do mhodhanna eile iompair. Ar dtús, bhí sé teoranta do dhálaí adhaimsire agus mórthubaistí nádúrtha. Ag féachaint do na forbairtí a rinneadh le déanaí agus i bhfianaise ráig COVID-19, leis an seasamh ón gComhairle, tugtar 'mór-rioscaí don tsláinte phoiblí' isteach mar imthosca urghnácha agus leathnaítear *force majeure* chun imeachtaí eile amhail ionsaithe sceimhlitheoireachta nó bearta forfheidhmithe dlí a chlúdach freisin.

14. I gcás *force majeure*, luaitear sa seasamh ón gComhairle nach mbeadh ar oibreoirí an cúiteamh a íoc, cé go mbeadh orthu fós aisíocaíochtaí eile a dhéanamh.

b) *Úsáid na ndíolúintí*

15. Comhaontaíonn an Chomhairle go dtiocfaidh na rialacha nua i bhfeidhm tar éis 24 mhí ionas go mbeidh oibreoirí agus údaráis in ann ullmhúchán a dhéanamh d'aistriú rianúil. Ós rud é go bhfuil an fhorbairt ar bhonneagar agus ar sheirbhísí iarnróid sna Ballstáit fós ag leibhéil dhifriúla, measann an Chomhairle go bhfuil sé tábhachtach go mbeadh díolúintí sonracha ann chun tuilleadh ama a thabhairt do na Ballstáit le gnéithe sonracha a chur chun feidhme.

16. Leis an seasamh ón gComhairle, ceadaítear síneadh críochnaitheach 5 bliana maidir leis na maoluithe reatha ar sheirbhísí iarnróid intíre i gcás na mBallstát sin a bhfuil na maoluithe sin á n-úsáid acu. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh freisin, faoi chúinsí sonracha agus ar feadh tréimhse neamhchinntithe, seirbhísí trasteorann réigiúnacha, uirbeacha agus fo-uirbeacha a dhíolmhú i bpáirt. Mar sin féin, ní féidir leis na Ballstáit cearta daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, iompar rothar ná na forálacha maidir le tréthicéid agus athródú a dhíolmhú ó sheirbhísí trasteorann.

c) ***Cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe***

17. Comhaontaíonn an Chomhairle cearta daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a ailíniú sa rialachán seo agus comhsheasmhacht a áirithiú le hionstraimí dlíthiúla eile, go háirithe an Ionstraim Eorpach Inrochtaineachta (Treoir 2019/882/AE i ndáil leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí) agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas (UNCRPD). Ní bheidh na Ballstáit in ann soláthar cúnaimh ná cúiteamh i leith damáiste do threalamh soghluaisteachta a dhíolmhú níos mó. Ar an iomlán, rinneadh na nósanna imeachta do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus atá ag taisteal ar thraein a shimpliú agus a shoiléiriú agus tá ualach níos lú ag baint leo anois chun seirbhís níos fearr a áirithiú do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

18. Ní gá iarratas ar chúnamh i stáisiúin a sheoladh ach amháin ar a dhéanaí 24 uair an chloig roimh thaisteal, in ionad 48 uair an chloig mar atá faoi láthair, agus gan costais bhreise; mar sin féin, féadfaidh na Ballstáit cead a thabhairt, go dtí an 30 Meitheamh 2026, síneadh suas le 36 uair an chloig a chur leis an tréimhse sin. Mura dtabharfar réamhfhógra, ach más rud é go beidh foireann oilte ar fáil sa stáisiún, cuirfear cúnamh ar fáil chun cuidiú leis an duine an traein a bhordáil nó tuirlingt de. I gcás ina mbeidh duine tionlacain ag teastáil, beidh an duine sin ag taisteal saor in aisce agus deimhneofar do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus a úsáideann madra cuidithe go mbeidh an t-ainmhí in ann taisteal leo.

**d)** ***Trealamh rothstoic le spásanna rothar***

19. Comhaontaíonn an Chomhairle leis an bprionsabal ginearálta gur cheart go bhféadfaí rothair a thabhairt ar an traein. Is é an cuspóir foriomlán atá ann ceithre áit ar a laghad a bheith ann do rothair i ngach comhdhéanamh traenach. Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh dul thar an líon sin ach i gcás ina mbeadh níos lú ná ceithre spás i gcomhdhéanamh traenach, ba cheart údar a bheith leis sin de bharr cúinsí speisialta. Is i gcásanna sonracha a bhfuil údar cuí leo amháin a fhéadfaidh gnóthas iarnróid an ceart sin a shrianadh a thuilleadh, go háirithe an ceart sin a bheith nasctha le teorainneacha acmhainneachta le linn buaicuaireanta nó i gcás nach gcuirfear an rothstoc in oiriúint. Féadfaidh an gnóthas iarnróid táille réasúnta a ghearradh i gcás inarb iomchuí.

20. Nuair atá rothstoc nua á ordú nó nuair atá uasghrádú mór á dhéanamh ar rothstoc atá ann cheana, tá sé d'oibleagáid ar ghnóthais iarnróid spás do rothair a áirithiú. Foilseoidh an gnóthas iarnróid faisnéis freisin maidir le hinfhaighteacht na spásanna rothar sin. Bainfidh na nósanna imeachta sonracha soláthair chun spásanna rothar sa rothstoc a áirithiú tairbhe as idirthréimhse 48-mí.

**e)** ***Tréthicéid***

21. Comhaontaíonn an Chomhairle leis an oibleagáid tréthicéid a thairiscint le haghaidh seirbhísí arna n-oibriú ag gnóthas iarnróid aonair: do sheirbhísí idirnáisiúnta fad-achair amhail ón dáta chur i bhfeidhm agus, tar éis 5 bliana, do sheirbhísí réigiúnacha freisin. Ciallaíonn sin, i gcás ina bhfuil codanna éagsúla sa turas sin, go measfar mar aon ticéad amháin na codanna go léir le chéile. I gcás nach gcáileoidh gnóthas iarnróid mar ghnóthas aonair, déanfaidh sé gach iarracht réasúnta tréthicéid a thairiscint, lena n-áirítear dea-chomhar idir gnóthais iarnróid.

22. I gcás ina ndearna miondíoltóirí ticéid a chuachadh ar a dtionscnamh féin agus gur cheannaigh an paisinéir an ticéad in aon idirbheart tráchtála amháin agus nár cuireadh an paisinéir ar an eolas nach tréthicéad é sin, beidh na miondíoltóirí faoi réir dliteanais mhéadaithe i gcás briseadh seirbhíse.

**f) *An ceart chun féin-athródaithe***

23. Comhaontaíonn an Chomhairle an tréimhse a ghiorrú go 100 nóiméad agus beidh cead ag na paisinéirí an t-athródú a eagrú iad féin ina dhiaidh sin, mura gcuireann an gnóthas iarnróid roghanna athródaithe in iúl do na paisinéirí. Áiritheoidh an gnóthas iarnróid freisin go n-aisíocfar na costais athródaithe féineagraithe i gcásanna *force majeure*.

**g) *Faisnéis maidir le taisteal fíor-ama agus trácht***

24. Comhaontaíonn an Chomhairle go gcuirfear faisnéis maidir le taistil fíor-ama agus trácht ar fáil do sholáthraithe eile seirbhíse. Trí rochtain níos fearr agus níos éasca ar fhaisnéis tráchta agus taistil a cheadú, is féidir seirbhísí nua a thairiscint a chruthóidh deiseanna sonracha gnó agus ba cheart d'iompar d'iarnród a bheith níos tarraingtí do chustaiméirí atá ann cheana agus do chustaiméirí nua. I gcásanna sonracha, féadfaidh an Ballstát díolúine 9 mbliana a dheonú don bhainisteoir bonneagair; mar sin féin, ní mór do na Ballstáit athmheasúnú a dhéanamh ar an gcás agus ar an bhféidearthacht an fhaisnéis a chur ar fáil gach 2 bhliain.

**h) *Láimhseáil gearán***

25. Comhaontaíonn an Chomhairle tuilleadh soiléirithe a dhéanamh ar an nós imeachta láimhseála gearán. Beidh ar an gCoimisiún teimpléad a fhorbairt chun cúiteamh agus aisíocaíocht a iarraidh agus chun a áirithiú go mbeidh na foirmeacha sin ar fáil i bhformáid inrochtana do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Thairis sin, cuirtear feabhas ar an gcomhar idir Comhlachtaí Náisiúnta Forfheidhmithe, go háirithe tríd an gcoincheap a thabhairt isteach agus trí "phríomhchomhlacht" a ainmniú le haghaidh cásanna casta.

**i) *Clásal neamh-idirdhealaithe***

26. Comhaontaíonn an Chomhairle a shonrú agus a shoiléiriú in airteagal nua go bhfuil toirmeasc ar aon idirdhealú díreach nó indíreach bunaithe ar náisiúntacht an phaisinéara nó ar áit bhunaithe an ghnóthais iarnróid, an díoltóra ticéad nó an tionscnóra turas laistigh den Aontas.

## IV. CONCLÚID

27. Léirítear go hiomlán leis an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an comhréiteach a baineadh amach le linn na caibidlíochta idir an Chomhairle agus Parlaimint na hEorpa, agus a rinne an Coimisiún é a éascú. Dearbhaítear an comhréiteach sin leis an litir a chuir Cathaoirleach Choiste TRAN de chuid Parlaimint na hEorpa chuig Cathaoirleach Choiste na mBuanionadaithe (an 30 Deireadh Fómhair 2020). Cuireann Cathaoirleach Choiste TRAN in iúl sa litir sin go molfaidh sí do chomhaltaí a Coiste, agus ina dhiaidh sin don seisiún iomlánach, go nglacann siad an seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh, gan leasuithe ar dhara léamh na Parlaiminte, faoi réir a fhíoraithe ag dlítheangeolaithe an dá institiúid.

28. Creideann an Chomhairle, dá bhrí sin, go bhfuil toradh cothrom ar a seasamh ar an gcéad léamh agus go gcuideoidh an Rialachán athmhúnlaithe, a luaithe a ghlacfar é, le cearta paisinéirí a áirithiú, ar thaobh amháin, go háirithe cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus a úsáideann seirbhísí iarnróid, agus, ar an taobh eile, go mbeidh na hoibleagáidí leagtha amach go soiléir d'oibreoirí iarnróid agus do sholáthraithe seirbhísí taistil.